cliceáil anseo

Cuir grianghraf leis

Éigeantach

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Iarratas ar cheapachán mar Bhailíochtóir Seachtrach SC L1L2 – 2026

## 1. Post (Poist) ar a bhfuiltear ag déanamh iarratais

Cuir tic sa bhosca (sna boscaí) chun an post (na poist) ar mian leat go gcuirfí san áireamh dó (dóibh) thú a chur in iúl:

Bailíochtóir Seachtrach ☐ Bailíochtóir Seachtrach Comhairleach ☐

An bhfuil tú inniúil ar bhailíochtú a dhéanamh trí Ghaeilge agus an bhfuil tú toilteanach sin a dhéanamh más gá? Tá ☐ Níl ☐

An bhfuil úsáid cairr agat agus an bhfuil árachas cairr bailí agat má cheaptar thú mar Bhailíochtóir seachtrach? Tá ☐ Níl ☐

## 2. Sonraí pearsanta agus stádas mar mhúinteoir

Ainm ________ Ainmneacha eile ________

UPSP Reatha ☐☐☐☐☐☐☐☐☐ UPSP roimhe seo, más ann dó ☐☐☐☐☐☐☐☐☐

Dáta breithe L L M M B B Aicme ÁSPC ☐

Uimhir chlárúcháin na comhairle múinteoireachta ☐☐☐☐☐☐ Dáta athnuachana L L M M B B

Seoladh baile (gnáthsheoladh le linn am téarma)

éirchód: ☐☐☐☐☐☐☐

Seoladh le haghaidh comhfhreagrais le linn thréimhse an mheasúnaithe (murab ionann é agus an seoladh baile)

éirchód: ☐☐☐☐☐☐☐

An baile is gaire duit ________

An fad go dtí an baile is gaire duit ________ km

Fón Baile ________ Fón oibre ________ Fón póca ________

Seoladh ríomhphoist: ________

| | |
|---|---|
| Ainm agus seoladh do scoile reatha, má tá tú ag teagasc faoi láthair, nó an scoil is déanaí a raibh tú ag teagasc inti, mura bhfuil tú ag teagasc faoi láthair. | |
| Uimhir rolla na scoile | |
| Stádas reatha mar mhúinteoir (lánaimseartha, páirtaimseartha, ionadaí, dífhostaithe, etc.) Má tá tú fostaithe faoi láthair, ach ní mar mhúinteoir, tabhair sonraí. Mura bhfuil tú ag teagasc faoi láthair, tabhair an dáta deireanach ar a raibh tú ag teagasc i scoil dara leibhéal. | |
| Má tá tú ar scor: ▪ Luaigh an dáta scoir | |
| ▪ An ndeachaigh tú ar scor faoi Shraith 1 den Scéim Luathscoir do mhúinteoirí? | |
| ▪ An bhfuil pinsean míchumais á fháil agat? | |

Liostaigh sonraí dlúthghaolta ar bith atá ag déanamh scrúdú stáit in 2026, le do thoil. (Mura bhfuil duine ar bith i gceist, scríobh "níl duine ar bith")

| Ainm iomlán | Scoil | Dáta breithe | Scrúdú (SS, AT, ATF, L1 L2) |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |

# 3. Cáilíochtaí

| | Bunchéim | Príomhcháilíocht mhúinteoireachta | Cáilíocht maidir le cuimsiú agus RSO | Eile |
|---|---|---|---|---|
| Ainm na hinstitiúide | | | | |
| Teideal na céime | | | | |
| An bhliain ar baineadh amach í | | | | |
| Aicme (1, 2.1, 2.2, pas, etc.) | | | | |
| Ábha(i)r sa bhliain deiridh | | | | |
| Ábha(i)r sa chéad bhliain/sa dara bliain | | | | |

# 4. Taithí mhúinteoireachta

Ba cheart duit an bhliain acadúil reatha a chur san áireamh i ngach catagóir. Má tá breis agus deich mbliana de thaithí agat i gcatagóir ar bith, is leor "≥10" a chur isteach. Cuir an teagasc go léir ag leibhéal 1 agus ag leibhéal 2 san áireamh.

## 4.1. Taithí ar theagasc in Éirinn

### Taithí ar ranganna na Sraithe Sóisearaí / na Sraithe Sinsearaí a theagasc

| Ábhar agus Leibhéal, Comhleibhéal, Ardleibhéal, Gnáthleibhéal | Clár (SS /AT / IB / ATF/SSóis. L1 L2/SSin. L1 L2) | Blianta taithí | Lena n-áirítear blianta taithí ag teagasc ranganna blianta scrúdaithe (Tá/Níl) |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

### 4.2. Taithí Mhúinteoireachta seachas taithí i scoil aitheanta dara leibhéal in Éirinn

| Ábhar | Bliainghrúpa / aoisghrúpa | An cineál taithí (scoil, teagasc aonair, teagasc grúpa príobháideach, etc.) | Cáilíocht (AT, GCSE, A-leibhéal, fochéim, etc.) | Líon Blianta taithí |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

## 5. Taithí mar Scrúdaitheoir

### 5.1. Taithí mar Scrúdaitheoir le Coimisiún na Scrúduithe Stáit

| Ábhar | Scrúdú agus leibhéal | Post (scrúdaitheoir, scrúdaitheoir comhairleach, etc.) | An Líon Blianta Taithí | Ón mbliain go dtí an bhliain |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

### 5.2. Taithí mar Scrúdaitheoir le comhlachtaí scrúdaithe eile

| Ainm an chomhlachta scrúdaithe | Ábhar | Post (scrúdaitheoir, ceannaire foirne, etc.) | An Líon Blianta Taithí | Ón mbliain go dtí an bhliain |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

## 6. Eolas eile

### 6.1. An bhfuil taithí agat ar chláir leibhéal 1 agus leibhéal 2 sa tSraithe Shinsearach a phleanáil, a chomhordú agus/nó a sholáthar? Má tá, tabhair sonraí.

Tabhair eolas ar bith eile, ar mian leat go ndéanfaimis é a bhreithniú chun tacú le d'iarratas.

## 7. Téarmaí agus Coinníollacha

Is conradh le haghaidh seirbhíse é an ceapachán mar Bhailíochtóir Seachtrach agus tá sé faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

- Ní mór do gach iarratasóir a bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.
- Measfar gur conradh le haghaidh seirbhíse é an ceapachán i bpost mar Bhailíochtóir Seachtrach. Ní mór duit díriú go hiomlán ar an obair le linn thréimhse an cheapacháin. Beidh ar gach scrúdaitheoir freastal ar thréimhse iomlán na comhdhála sula gcuirfear tús leis na cuairteanna scoile. Ní mór cuairteanna scoile a reáchtáil le linn gnáthuaireanta scoile.
- Má cheaptar mar Bhailíochtóir Seachtrach tú in aon bhliain ar leith, ní bhronnann sé sin an ceart ort i leith ceapacháin sna blianta ina dhiaidh sin.
- Ceanglaítear ar gach Bailíochtóir Seachtrach a n-uimhir fóin póca a sholáthar mar d'fhéadfadh sé go mbeadh orainn teagmháil a dhéanamh leat ar gearrfhógra roimh nó le linn na tréimhse bailíochtaithe.
- Má theipeann ort ár dTreoracha a chomhlíonadh go hiomlán nó má ghníomhaíonn tú ar bhealach a chuireann slándáil nó sláine an bhailíochtaithe i mbaol, féadfar tú a dhífhostú agus féadfar aon cheapachán amach anseo a dhiúltú duit. Má dhífhostaítear thú, ní bheidh éileamh ar bith agat inár gcoinne le haghaidh luach saothair ná costais.
- Íocfar costais taistil agus liúntais chothaithe de réir rialacháin na Roinne Airgeadais.
- Déanfar gach íocaíocht leat trí Paypath, córas leictreonach um aistriú airgid.
- Féach an suíomh gréasáin secexaminer.ie chun tuilleadh eolais a fháil faoi dhátaí agus ionaid na comhdhála, táillí, liúntais taistil agus chothaithe, riachtanais TF etc.
- Má tharlaíonn sé nach bhfuil tú ar fáil tar éis duit a dheimhniú go bhfuil tú ag glacadh leis an gceapachán, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le CSS láithreach ar an bhfón agus a dheimhniú le litir nó ríomhphost nach bhfuil tú ar fáil. Ar aon dul leis sin, má tharlaíonn aon athrú ar do chúinsí tar éis duit iarratas a dhéanamh ar cheapachán nó a dheimhniú go bhfuil tú ag glacadh le ceapachán, a d'fhágfadh nach mbeifeá incháilithe le haghaidh ceapacháin, ní mór duit fógra a thabhairt do CSS láithreach.
- Níl tú incháilithe le haghaidh ceapacháin má tá tú tar éis dul ar luathscor faoi Shraith 1 den Scéim Luathscoir do mhúinteoirí nó má tá tú ar shaoire bhreoiteachta íoctha nó neamhíoctha, ar fionraí nó ar shaoire riaracháin, nó má tá tú ar shaoire mháithreachais reachtúil íoctha tráth na comhdhála nó le linn thréimhse na marcála.
- Breithneofar iarratais ó mhúinteoirí atá ag fáil pinsean míchumais má fhaightear foirm tuairisce liachta agus í comhlánaithe. Tá an fhoirm sin ar fáil ó (090) 644 2436/2438/2435 ach í a iarraidh.

## 8. Dearbhú an iarratasóra

Dearbhaím leis seo go bhfuil an t-eolas atá tugtha agam ceart agus go gcuirfidh mé Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) ar an eolas má thagann aon athruithe air. Admhaím go bhforchoimeádann CSS an ceart chun an t-eolas uile a cuireadh ar fáil a fhíorú, lena n-áirítear mo chuid cáilíochtaí. Má cheaptar mé, leanfaidh mé, ar feadh mo chumais, na treoracha uile a eiseoidh CSS nó aon duine atá údaraithe ag CSS chun treoracha den sórt sin a eisiúint.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Síniú | | Dáta | |

## 9. Deimhniú le síniú ag an mBainisteoir/bPríomhoide

Deimhním leis seo go bhfuilim sásta an t-iarratasóir seo a scaoileadh ó dhualgais scoile chun go bhféadfar é/í a cheapadh mar Bhailíochtóir do chlár na hArdteistiméireachta L1 L2.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Síniú | | Stampa na Scoile agus Dáta | |
| Scoil | | | |

## 10. Cur isteach agus breithniú an iarratais

Ní mór duit an dearbhú thuas a shíniú agus grianghraf ar mhéid pas a cheangal leis an bhfoirm.

Má chomhlánaíonn tú an fhoirm go leictreonach, ní mór duit cóip di a chur i gcló agus a shíniú sula gcuirfidh tú isteach í. Seol an fhoirm chomhlánaithe, le do thoil, chuig **Rannóg L1 L2 na Sraithe Sinsearaí, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí** ionas go mbeidh sí againn tráth nach déanaí ná an **17 Aibreán 2026**. Ní mór an postas a íoc. Glacfaimid le hiarratais fós tar éis an dáta deiridh sin, ach ní chuirfear iarratais dhéanacha san áireamh ach amháin i gcás go mbíonn folúntais ann fós tar éis dúinn tairiscintí ceapacháin a dhéanamh leis na hiarratasóirí oiriúnacha úd a bhfuarthas a n-iarratais roimh an dáta deiridh. Mura sonróidh tú d'Uimhir PSP nó mura mbeidh an fhoirm comhlánaithe i gceart agat ar shlí eile, cuirfear ar ais chugat í lena críochnú. D'fhéadfadh d'iarratas a bheith deireanach dá bharr sin. Déanfaimid na hiarratais uile a bhreithniú ar bhealach cóir agus cothrom, agus dícháileofar aon iarratasóir a dhéanann iarracht ar fhabhar a lorg. Eiseofar litreacha ceapacháin ar bhonn leanúnach go dtí lár mhí Iúil.

Tá leagan Béarla den fhoirm seo ar fáil ach í a iarraidh

**Cosaint Sonraí**

Tá Coimisiún na Scrúduithe Stáit ina rialaitheoir sonraí cláraithe le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Déanfar na sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú san iarratas seo a phróiseáil i gcomhréir le forálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí.

Déanfaidh CSS na sonraí seo a phróiseáil chun d'iarratas a riar do phost foirne ar conradh le CSS. Má cheapaimid sa ról thú, déanfaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil i riarachán do chonartha le CSS. Cuimsíonn sé sin riarachán maidir le do ról sannta agus na dualgais atá ort maidir leis na scrúduithe stáit [lena n-áirítear, de réir mar is cuí, socruithe a dhéanamh i dtaca leo seo a leanas; uirlisí tástála, eagrú agus soláthar na scrúduithe, marcáil na hoibre a chuireann Iarrthóirí i láthair; etc]. Bainfimid feidhm freisin as na sonraí seo chun íocaíocht a dhéanamh leat maidir le do chonradh. Chomh maith leis sin, coimeádfaimid do shonraí agus d'fhéadfaimis iad a úsáid ó am go chéile chun tú a chur ar an eolas faoi dheiseanna earcaíochta le Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Is féidir teacht ar shonraí maidir le Fógra Cosanta Sonraí Choimisiún na Scrúduithe Stáit ar ár suíomh gréasáin https://www.examinations.ie/data- protection/